# Scoileanna Caitliceacha:

# Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

## 27 Eanáir – 3 Feabhra 2019

‘Ba cheart gurbh é an t-oideachas in iomláine na daonnachta, príomhthréith na scoileanna Caitliceacha’

An Pápa Proinsias



An Curaclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile & Bunscoile Caitliceach in Éirinn

# (Leibhéal 4)

| AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ | URNAÍ AGUS LIOTÚIRGE |
|---|---|
| **Rúndiamhair Dé**<br>• 'Is mar chomhluadar a chreidimid (CCC166).<br>• Cothaíonn agus cabhraíonn an Eaglais leis an gcreideamh (CCC181: Gníomh eaglasta é an creideamh).<br><br>**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**<br>• Tá tionchar An Spioraid Naoimh le sonrú ar fud an domhain (GS22' 38).<br>• Is iad tíolacthaí An Spioraid Naoimh ná eagna, tuiscint, breith cheart, misneach, eolas, léiriú ómóis agus ionadh agus urraim i láthair Dé (Is 11:2-3; CCC 1831, 1845).<br><br>**Cruthú**<br>• An Spiorad Naomh anáil na beatha ar domhan (Salm 33:6; 104:30; Gein 1:2; 2:7; CCC291, 703).<br>• Chruthaigh Dia an cine daonna le maireachtáil i gcomhar le Dia, lena chéile agus leis an saol (GS 12; GDC 139).<br><br>**Rúndiamhair na Ríochta/na hEaglaise**<br>• Iarrtar ar Chríostaithe a bheith mar fhinnéithe ar an gcreideamh atá acu i gCríost, i mbriathar agus i ngníomh (DP 59, 89; EN5). | **Bíobla**<br>• Labhraíonn Dia linn sa Scrioptúr Naofa, i gcruthú an domhain, i bpearsa Íosa, i dtionchar an Spioraid Naoimh (DV 3, 4, 6, 12; CCC 51-53, 60, 79, 104, 257: An Taispeáint).<br>An Scrioptúr Naofa – Saol Poiblí Íosa<br>• Lúcás 10:27-37 An Samárach Maith.<br><br>**LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ**<br><br>**Na Sacraimintí**<br>• Tagann An Spiorad Naomh chugainn i Sacraimint an Chóineartaithe. Bronntar an grásta orainn creideamh láidir a chothú, an soiscéal a chraobhscaoileadh agus freastal ar an duine eile mar a rinne Íosa<br><br>**AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ**<br><br>**An Dínit Dhaonna**<br>• Caithfidh na Críostaithe barr foirfeachta a chur ar na tallanna atá acu, na dualgais a bhíonn orthu a chomhlíonadh agus a bheith naofa dá bharr (LG 39-41; AG 28).<br>Láthair agus Cabhair Uasal Dé<br>Chomh maith le haitheanta an tSean-Tiomna a dhearbhú, bhronn Íosa aithne úr ar na deisceabail: 'Faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile.<br>(Eoin 13:34; CCC1968, 1823, 1970, 1972 |

# Luan: Traidisiún Beo na Scoile Caitlicí

## 28 Eanáir 2019

*Gabhaimis buíochas leis na daoine a bhíonn ag múineadh sna scoileanna Caitliceacha. Is gníomh grámhar an múineadh, ar nós na beatha a bhronnadh ar dhuine.*
An Pápa Proinsias, 1 Márta 2014

### Smaoinigh

Ciallaíonn 'an traidisiún' a bheith ag feidhmiú nó ag gníomhú de réir smaointe nó nósanna a mbaineann brí ar leith leo agus a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Beimid ag breathnú ar na traidisiúin a bhaineann leis an scoil seo. Tá cuid acu uathúil don scoil Chaitliceach.

### Taighde

Cad iad na traidisiúin a bhíonn acu sa bhaile?

Samplaí: Béilí a chaitheamh lena chéile (lón Domhnaigh), siúlóidí, breathnú ar chlár teilifíse ar leith lena chéile.

Labhair leis an rang maidir le nósanna agus traidisiúin na scoile seo. Samplaí: Rang i líne áirithe sa chlós, ranganna áirithe ag súgradh in áiteanna ar leith sa chlós.



Cad iad na traidisiúin/deasghnátha uathúla a bhaineann leis an scoil Chaitliceach? Sampla: Urnaí na Maidine.

Cad chuige an urnaí agus cén tábhacht a bhaineann leis. Cathain a bhímid ag guí? Cén fáth go mbítear ag guí? Conas a dhéanaimid guí?

### Gníomhaíocht:

Guí na Cúig Mhéar an Phápa Proinsias.

- Is í an ordóg is gaire duit. Tosaigh le guí a dhéanamh ar son do mhuintire féin.
- An chorrmhéar a thagann ansin. Guigh ar son na ndaoine a thugann teagasc agus cneasú duit. Bíonn tacaíocht agus aigne de dhíth orthu le bheith in ann treoir a thabhairt don duine eile.
- An tríú mhéar an ceann is airde. Bíonn grásta agus treoir ó Dhia de dhíth ar na ceannairí agus iadsan atá i gceannas.
- Is í méar an fháinne an cheathrú mhéar. Is í sin an mhéar is laige. Caithimid guí ar son na ndaoine leochaileacha, na daoine i mbaol agus na heasláin. Bíonn grásta de dhíth orthusan chomh maith.
- Ag an deireadh tagann an lúidín. Guímid ar ár son féin. De bharr gur ghuíomar ar son na ndaoine eile beidh tuiscint níos fearr againn ar ár riachtanais féin, agus ar conas is fearr dúinn ár nguí a dhéanamh chun Dé.

Líonann na daltaí an leathanach a bhaineann leis an ngníomhaíocht isteach.


Guí na
Cúig Mhéar

# Máirt: Fáilte Roimh Éagsúlacht sa Scoil Chaitliceach

## 29 Eanáir 2019

*Is féidir foghlaim ón dialóg nuair a dhéileáiltear leis an duine eile ar bhonn ceart measúil, agus éisteacht cheart á thabhairt, nuair a chuirtear tuairimí ar aghaidh go macánta gan caolú á dhéanamh ar ár dtuairimí féin, agus é faoi ghrásta an spioraid..........Iarrtar ar na scoileanna agus ar na hollscoileanna modh oibre chomhphlé intleachtúil a chur i bhfeidhm agus an aidhm leis an fhírinne a lorg.*
An Pápa Proinsias, 9 Feabhra 2017

### Smaoinigh
An Riail Óir: 'De réir mar ab áil libh daoine a dhéanamh daoibh, déanaigí dóibh sin mar an gcéanna.' (Lúcás 6:31) Iarrtar orainn mar Chaitlicigh a bheith mar thionchar dearfach ar domhan. Mura mbeadh an 'Samárach Maith' inár measc nach mbeadh an saol níos boichte dá bharr?

### Taighde
Pléigh leis an rang, na tréithe agus na buanna is fearr a léiríonn duine cairdiúil. Samplaí: Cineáltas, cabhrach, dea-éisteoir. Déan taighde faoi na bealaí ina léirítear na tréithe seo i ngníomh. Labhair faoi Lúcás 10:27 ina mbíonn Íosa ag caint faoi do chomharsa a ghrá mar tú féin. Cé hiad na daoine a bheadh i gceist i mo shaol féin? An mbíonn sé deacair grá a thabhairt do chomharsana áirithe? Cad iad na bealaí inar féidir linn muintearas a léiriú inár measc féin ar scoil, agus i measc an phobail i gcoitinne?

### Gníomhaíocht

**Gníomhaíocht 1**
Taighde agus Quiz an Bhíobla
Aimsigh Lúcás 10: 27-37. Léigh an parabal: 'An Samárach Maith' agus freagair na ceisteanna atá ag gabháil leis an ngníomhaíocht ar an leathanach tugtha.

**Gníomhaíocht 2**
Lámha Cúnta: Bain úsáid as an teimpléad. Scríobh nó déan pictiúr ar lámh amháin (taobh istigh) a léiríonn conas is féidir an lámh chúnta a shíneadh chuig duine eile. Ar an lámh eile scríobh ainm an duine ar mhaith leo paidir a chur ar a son, nó ar a shon.

Gearr amach agus maisigh an taobh amuigh. Is féidir na cártaí lámha cúnta a thabhairt abhaile agus plé a dhéanamh leis na tuismitheoirí maidir leis na daoine a mbeadh lámh chúnta de dhíth orthu, nó na daoine is fearr le paidir a chur ar a son.

Is féidir na lámha a chur ar taispeáint nó iad a chrochadh ar ghéag sa spás beannaithe taobh istigh den seomra ranga. Tabharfar an t-ábhar seo chun cuimhne nuair a bhíonn am urnaí ann

# QUIZ AN BHÍOBLA

Aimsigh agus léigh Lúcás 10: 27-37 sa Bhíobla.

Freagair na ceisteanna:

1. Cá raibh an taistealaí ag dul?

F: ____________________

2. Cad a tharla don taistealaí ar an mbóthar?

F: ____________________

3. Cérbh é an chéad duine a d'imigh thairis?

F: ____________________

4. Cérbh é an dara dhuine a d'imigh thairis?

F: ____________________

5. Cérbh é an tríú duine a thug an taistealaí faoi deara?

A: ____________________


6. Conas a chabhraigh an Samárach leis an taistealaí?

F: ____________________

7. Cé mhéad a thug sé don óstóir?

F: ____________________

# LÁMHA CÚNTA



# Déardaoin: Ár Scoil Chaitliceach ag Freastal ar an bPobal

## 31 Eanáir 2019

*Aistear in éineacht leis an bpobal é, an naofacht a lorg. Déantar i gcomhar lena chéile é.*
Gaudete et Exultate (141)

### Smaoinigh

'Leis an Tiarna an talamh agus a lánmhaire,an domhan ar fad agus a maireann ann.'
(Salm 24:1)

Bíonn an scoil agus an séipéal i gcroílár an phobail áitiúil. Foghlaimímid ar scoil faoin domhan agus faoi aire a thabhairt dó.

Tá an fhreagracht ar an uile dhuine againn aire a thabhairt don domhan a bhronn Dia orainn. Iarrtar orainn meas ar an domhan a léiriú agus é a chosaint i gcónaí inár saol.

### Taighde

Léigh na Deich nAitheanta mar atá scríofa san fhormáid nua i mBeo go Deo 7 Ceacht 10 leis an rang.

Conas mar a thugann siad treoir dúinn maireachtáil mar bhaill de Ríocht Dé?

Déan an plé a leathnú amach ionas go ndéantar machnamh ar an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don chomhshaol a chruthaigh Dia dúinn. Conas mar a thugaimid aire don chomhshaol ar scoil?
Samplaí: An Bhratach Ghlas, Mórtas Ceantair, athchúrsáil.

Scríobh Deich nAitheanta aire don chomhshaol, trí ransú smaointe a dhéanamh.

### Gníomhaíocht

Roinn an rang i ndeich ngrúpa. Tabhair cairtchlár leis an bhfíor thíos air, mar atá ar an teimpléad tháibléad Mhaois.

Tabhair sampla amháin ón liosta thuas de na rudaí a dhéanfá leis an gcomhshaol a chaomhnú in aghaidh an ghrúpa dóibh. Scríobhtar i lár na fíorach é agus déantar é a mhaisiú.

Is féidir na táibléid uile a chur ar taispeáint ina dhiaidh sin.

# Treoir: Tabhair aire don chomhshaol

# Aoine: Tacú le Creideamh sa Scoil Chaitliceach

## 1 Feabhra 2019, Lá Fhéile Bríde

> *Tuigeann lucht an chreidimh go mbíonn Dia inár dteannta ar bhealach ciúin ag gach nóiméad dar saol, san uile dhuine, ionamsa agus ionatsa, i ngach sórt suímh.*
> An Pápa Proinsias, Nua Eabhrac, Meán Fómhair 2015.

### Smaoinigh

'Tá an Tiarna san áit seo, tá sin, agus ní raibh a fhios agam é.'
(Gein 28:16)

Bhíomar ag smaoineamh i rith na seachtaine ar cad is scoil Chaitliceach ann. Tuigimid go bhfuil obair mhaith le déanamh againn ag croílár an phobail Chaitlicigh. Is sa scoil a ndéantar an creideamh a chothú, ina mbíonn deiseanna againn an creideamh a fhás agus a dhoimhniú.

Ar an lá deireanach de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha déanaimid an creideamh a cheiliúradh agus bímid ag smaoineamh ar bhealaí inar féidir linn freagairt a thabhairt ar ghlao Dé inár saol, le cabhair thíolacthaí an Spioraid Naoimh. Is sa Chóineartú a thugann An Spiorad Naomh an chumhacht agus an treoir dúinn a bheith mar fhinnéithe ar ghrá iontach Dé do chách.

### Taighde

Pléigh ócáidí tábhachtacha i saol na ndaltaí. Sampla: Lá Breithe.

Conas a dhéanaimid na hócáidí speisialta seo a cheiliúradh? Tabhair na hócáidí ceiliúrtha ar scoil isteach sa phlé. Sampla: Aifreann thús na scoilbhliana. Breathnaigh siar ar an díospóireacht ón Luan le siombailí agus deasghnátha a bheadh uathúil don scoil Chaitliceach a aithint.

Pléigh na siombailí agus na deasghnátha a bhaineann le ceiliúradh Shacraimint an Chóineartaithe.

Féach liosta an ranga agus pléigh seacht tíolacthaí an Spioraid Naoimh:

- **Eagna:** Rudaí a thuiscint de réir thola Dé.
- **Tuiscint:** An fáth le go dtarlaíonn rudaí a thuiscint.
- **Breith Cheart:** Cabhair leis an rogha cheart a dhéanamh.
- **Misneach:** Cabhraíonn linn a bheith dílis dár bprionsabail.
- **Eolas:** Sinn féin agus an domhan mórthimpeall orainn a thuiscint.
- **Léiriú Ómóis:** Dia a aithint san uile dhuine agus sa chomhshaol.
- **Ionadh & Urraim i láthair Dé:** Meas a bheith againn ar Dhia uilechumhachtach.

### Gníomhaíocht

Is í an tine ceann de shiombailí láidre chumhacht an Spioraid Naoimh.

Déan grúpaí/péirí. Roghnaigh tíolacadh le scríobh ar an lasair. Ar chúl scríobh na bealaí ina bhféadfaí an bronntanas sin a chur i bhfeidhm inár saol. Cuir na lasracha ar taispeáint i spás beannaithe an ranga.



# Tíolacadh An Spioraid Naoimh

